



Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an seachtú eagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bígí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir: Eagrán 7

Mí na Samhna

Naomh Anna, Leitir Móir 2-7 Dún Mór Mhic Éil 1-9



Den tríú huair beidh Craobh Idirmheánach na Gaillimhe agus Corn Sheáin Mhic Oitir, más go fíorúil féin é, ag caitheamh na Nollag thiar i gceantar na nOileán tar éis don fhoireann Idirmheánach an ceann is fearr a fháil ar Dhún Mór Mhic Éil sa gcluiche ceannais i Staid an Phiarsaigh, Bóthar na Trá Dé Sathairn, 13 Samhain.

Bhí an bua seo tuillte go maith ag na leids tar éis dóibh sárthaispeántas a thabhairt sa dara leath, rud nach raibh mórán sa lucht féachana ag súil leis agus iad ag tabhairt aghaidh ar na seomraí feistis ag leathama, iad cúig phointe chun deiridh. D'imir siad i gcoinne na gaoithe sa gcéad leath agus mar a bheadh muid ag súil leis ba iad fir Thuaisceart na Gaillimhe ba thúisce a scóráil agus bhí siad dhá phointe chun cinn sular scóráil **Maitias Eoin Bairéad** sárchúl sa deichiú nóiméad chun fir na nOileán a chur chun cinn den chéad uair, rud nár tharla arís go raibh buille na huaire beagnach caite. Chuir trí phointe i ndiaidh a chéile Dún Mór Mhic Éil chun cinn, 0-5 le 1-0, agus na himreoirí ag tógáil sos le braon uisce a thógáil ar bord. Laghdaigh cic saor ó **Dylan Seoige** sa bhfichiú nóiméad an farasbarr go dtí pointe amháin ach d'fhreagair na geansaithe glasa é sin le trí phointe eile gan fhreagra agus an cluiche in am cúitimh sa gcéad leath, an scór dúbailte anois 0-8 le 1-1. Rinne Naomh Anna, Leitir Móir teacht aniar san am breise le dhá phointe, ceann ó chic saor **Dylan Seoige** agus ceann ón imirt ó **Éamon Ó Loingsigh** agus bhí cuma mhaith ar rudaí agus gan ach cúpla soicind fágtha le himirt roimh leathama. Ach bhris liathróid i lár na páirce agus de léim bhí Dylan Ó Brádaigh ag déanamh ar an gcúl, gan idir é agus an sprioc ach an cúl báire, **Eoin Ó Curraoin**, agus bháigh sé an liathróid san eangach leis an gcic deiridh den leath, buille tubaisteach do leids na nOileán agus iad cúig phointe ar chúl ag leathama, 1-8 le 1-3. Cibé céard a dúirt an lucht bainistíochta ag leathama, d'oibrigh an plean agus d'imir leids na nOileán peil chliste sa dara tréimhse. Bhí cóir na gaoithe acu sa leath seo ach ní bhuann an ghaoth cluichí. D'oibrigh siad mar fhoireann, ag cosaint ón líne lántosaithe siar agus ón gcéad nóiméad den dara leath go dtí an cic deiridh chuir siad brú ar fhir an Eachréidh agus de bharr na cosanta sin níor éirigh le Dún Mór Mhic Éil ach pointe amháin a scóráil sa leath sin. Nuair a thug siad aghaidh ar an tobar, bhí trí phointe ar chlár na scór ag Naomh Anna, Leitir Móir, péire ó **Dylan Seoige**, ceann ón imirt agus ceann ó chic saor, agus ceann ó bhróg **Oisín Mhic Dhonnacha** agus ní raibh idir na foirne anois ach dhá phointe. Chuaigh fir an Eachréidh trí phointe chun cinn arís agus seacht nóiméad imeartha fágtha ar an gclog. Bhí neart geansaithe glasa anois ag cosaint taobh thiar den liathróid agus bhí sé deacair iad a shárú ach, gan fágtha ach cúig nóiméad le n-imirt, thug Naomh Anna, Leitir Móir ruathar suas ar thaobh an tseastáin den pháirc, thóg a gcaptaen, **Ciarán Bairéad**, pas ó **Fherdia Breathnach** agus bháigh sé an liathróid san eangach chun na foirne a chur ar chomhscór, 2-6 le 1-9. Bhí borradh in imirt Naomh Anna, Leitir Móir anois agus chuir siad brú damanta ar fhir an Eachréidh. D'fhógair an réiteoir trí nóiméad am cúitimh agus sa gcéad nóiméad den am sin, bhris an liathróid tríocha slat ó chúl Dhún Mór Mhic Éil, chuir **Ferdia** pas amach ag **Warren Seoige** agus chuir **Warren** an liathróid idir na cuailí agus ba é sin an scór deiridh den chluiche chun an bua a thabhairt d'fhir na nOileán, 2-7 le 1-9. Stádas sinsir bainte amach arís agus camchuairt ar Chraobh Chonnacht amach romhainn. Bhí laochra ag Naomh Anna, Leitir Móir, ní hamháin ar fud na páirce ach i measc na foirne bainistíochta ar an taobh líne chomh maith. Rinne siad cúpla cinneadh sa dara leath a d'athraigh sruth na himeartha i dtreo fhir na nOileán, cinntí nach raibh éasca le déanamh ach chreid siad sna fir ionaid a bhí acu agus d'oibrigh na hathruithe a rinne siad. Roghnaíodh **Ciarán Bairéad** mar Laoch na hIgeartha agus bhí sé saothraithe go maith aige ach is saothar foirne a bhí anseo ó thús na bliana agus moladh mór tuillte ag an bpainéal ar fad, ag an lucht bainistíochta agus ag oifigigh an Chumainn. Comhghairdeas leo ar fad!



Cailíní Sinsir

Ní go minic a théann foireann isteach i gcluiche ceannais gan aon bhrú a bheith orthu ach shamhlódh tú gur mar sin a bhí ag foireann sinsir ban Naomh Anna i gcluiche ceannais craobh sinsir an Iarthair in aghaidh Ghráinne Mhaol le garid mar go raibh sprioc na bliana bainte amach acu cheana fhéin nuair a chinntigh siad a stádas sinsir don bhliain seo chugainn san eipic sin in aghaidh Ghleann a Mhadaigh/ Baile Liam.

Ach fiú nuair nach mbíonn aon bhrú ón taobh amuigh cuireann na cailíní seo brú orthu fhéin i gconaí feabhsú agus a bheith iomaíoch i chuile chluiche agus i chuile chomórtas agus ag breathnú orthu ag traenáil an tseachtain roimhe bheadh fhios agat nach raibh siad le filleadh abhaile as Maigh Cuilinn gan an corn a bheith leo.

An méid sin ráite bhí fhios acu freisin nach mbeadh tada éasca le fáil ó chailíní Iarthar Chonamara agus lena gceart a thabhairt dóibhsan throid siad go deireadh.

Go deimhin thug siad dóthain le déanamh do Naomh Anna sa gcéad leath agus thóg sé cúl ó Chlíodhna Ní Cheallaigh agus Mairéad Ní Loinsigh lena chinntiú go mbeadh farasbarr ag an mbriseadh.

Lean Gráinne Mhaol leis an mbrú san triú ceathrú ach sa deich nóiméad deiridh bhí iomarca scil, aclaíochta agus taithe ag Naomh Anna agus Mairéad ag fáil an 3ú cúl le bua 3-12 le 1-11 a thabhairt dóibh ar deireadh.

Léirigh an ríméad a bhí ar na cailíní nuair a d'ardaigh an captaen Mairéad Ní Loinsigh an corn céard a chiallaigh a bua seo dóibh agus go deimhin fhéin ba mhaith an aghaidh orthu é.

Craobh Sinsir an Iarthair buaite agus stádas na sinsear cinntithe ag cailíní Naomh Anna ina gcéad bhliain ag imirt sa ngrád sin ní aon drochbhliain a bhí ann ach ní iontas mór ach an oiread é leis an obair atá curtha isteach acu ann. Is iontach iad!



Mná Sóisir

Ní hiad na cailíní sinsir amháin ar éirigh go maith leo i mbliana mar gur bhuaigh na cailíní sóisir an dara sciath den bhliain ar Pháirc na bPíarsach i Rosmuc an mhí seo freisin.

Fuair siad an ceann is fearr ar na Píarsaigh leis an scór 4-10 le 3-11 na cúl ag teacht ó Chantal Ní Fhlatharta, Caitríona Ní Ógáin, Josephine Ní Chonghaile agus Roseanna Báile a d'aimsigh glac maith pointí freisin.

Bhí an bua faighte ag na Píarsaigh ar Naomh Anna faoi dhó cheana i mbliana ach bhí an chuid is mó de na cailíní ar fáil do Naomh Anna do chluiche ceannais sciath an Iarthair agus bhí siad ar bís athrú a chur ar chúrsaí.

Thug dhá chúl luath sa gcluiche in aghaidh na gaoithe tús maith do chailíní na n-oileán ach bhí fhios acu nach luíodh na



Píarsaigh siar agus sin mar a tharla agus iad ag fáil dhá chúl dá gcuid féin ó chiceanna éirice go deireanach sa dara leath ach choinnigh Naomh Anna an cloigeann leis an lá a thabhairt leo le dhá phointe. Bliain mhaith ag foireann sóisir na mban freisin mar sin agus dhá sciath buaite acu ach níos tábhachtaí ná sin tháinig imreoirí óga isteach ar an bhfoireann chomh maith le cailíní atá ar ais ag imirt den chéad uair le fada rud a chuirfeas go mór leis an sinsir amach anseo. Ní neart go cur le chéile agus nach breá an rud é a fheiceáil.

An tÉacht Déanta!

Tá grád na sinsir bainte amach ag foireann na bhfear, rud a fhágann go bhfuil cumann beag s'againne ar cheann de na cheithre chumann sa gcontae a bhfuil foirne sinsir mná agus fir acu. Baile Chlár na Gaillimhe, Maigh Cuilinn agus muid féin sa nGaeltacht chomh maith le Cora Finn. Is mó i bhfad an t-éacht atá bainte amach nuair a bhreathnaíonn tú ar dhaonra an phobail ina bhfuil muid suite.

De réir dhaonáireamh 2016 tá 2,118 duine ina gcónaí in abhantrach Chumann Peile Naomh Anna agus bhí an uimhir sin tite de bheagán ón daonáireamh roimhe sin.

Seo roinnt figiúirí suimiúla:

- As na 2,118 duine sin tá 515 acu ina mbaill den Chumann Peile agus 350 de na baill seo cláraithe mar imreoirí.
- Baineann na 350 imreoir seo le himreoirí, cailíní nó buachaillí, fir nó mná ó aois f6 go leibhéal sinsir.
- Le linn 2021 chuaigh 21 foireann sna grádanna agus aoiseanna difriúla chun páirce, imreoirí go minic ag imirt do dhá fhoireann.
- Bhí bainisteoirí againn ag obair le gach foireann acu seo, meitheal bainisteoirí ag obair le roinnt de na foirne.
- De réir dhaonáireamh 2016 tá daonra 4,980 duine sna trí toghroinn i gceantar Mhaigh Cuilinn mar shampla agus an daonra sin ag ardú leis bliain ar bhliain bunaithe ar eolas ó na daonáirimh siar.

I staid an Phiarsaigh an lá cheana, i ndiaidh Craobh an Chontae a bheith buaite, bhí na deora le himreoirí agus lucht féachana. Choinnigh chuile dhuine an misneach go dtí an deireadh agus 's ag na hócáidí sin a thuigtear cé chomh báite, i gcultúr an Chumainn agus an phobail thart orthu, atá an mana **Misneach, Mórtas, Muinín.**

eGift Card

Nollaig Shona MERRY CHRISTMAS

Dearbháin Sláinte & Follaine le fáil anois ag www.sportlannbooking.com

CLÁR AMA RANGANNA ACLAIÓCHTA 1-12Ú NOLLAIG

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadain	Déardaoin	Dé hAoine	Dé	Dé
					Sathairn	Domhnaigh
POWER HALF HOUR 9.30-10.00	RPM SPIN 7.00AM	BODYCOMBAT 9.30-10.00	SPIN 7.00AM		9.00-9.30	SPRINT SPIN
					9.35-10.35	PILATES POUND
SPRINT 10.05-10.35		SPRINT 10.05-10.35	SPIN 9.30-10.00		10.40-11.25	BODY-COMBAT
ZUMBA 10.40-11.10		PILATES 10.40-11.40	KETTLEBELL HIIT 10.05-10.35			
	GRIT STRENGTH 6.30-7.00		GRIT CARDIO 6.30-7.00			
BODYPUMP 6.30-7.15	ABS 7.05-7.35	BODYPUMP 6.30-7.15	ABS 7.05-7.35	BODYPUMP 6.30-7.15		
SPIN 7.20-7.50	SPRINT 7.40-8.10	SPIN 7.20-7.50	SPRINT 7.40-8.10	SPIN 7.20-7.50		
POUND 7.55-8.40	BODYCOMBAT 8.15-9.00		BODYCOMBAT 8.15-9.00	POUND 7.55-8.40		

CLÁR AMA RANGANNA ACLAIÓCHTA 13ú-22ú

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadain	Déardaoin	Dé hAoine	Dé	Dé
					Sathairn	Domhnaigh
	RPM SPIN 7.00AM				9.00-9.30	SPIN RPM SPIN
Dé Luain 13ú				MIL	9.35-10.05	SATURDAY STRETCH BODYPUMP EXPR
				ACN		
Co Dhé	POUND 6.30-7.00		POUND 6.30-7.00	RANG	10.10-10.55	POUND
Dé Céadain 22ú	BODYPUMP 6.30-7.15	SPIN 7.05-7.35	BODYPUMP 6.30-7.15	SPIN 7.05-7.35		
	RPM SPIN 7.20-7.50	BOX HIT 7.40-8.10	RPM SPIN 7.20-7.50	BOXHIT 7.40-8.10		
				SANTAÍ		

RANGANNA ACLAIÓCHTA NOLLAIG 27,28,29,30

Dé Luain 27ú	Dé Máirt 28ú	Dé Céadain 29ú	Déardaoin 30ú
MARIE	CAROLINE	TINA	TINA
BODYPUMP 10.00-10.45	SPIN 10.00-10.30	SPRINT 10.00-10.30	SPRINT 10.00-10.30
RPM SPIN 10.50-11.20	POUND 10.35-11.15	PILATES 10.35-11.30	PILATES 10.35-11.30
		GRIT STRENGTH 11.35-12.05	GRIT STRENGTH 11.35-12.05
SPIN 1.00-1.30		BODYCOMBAT 12.10-12.50	BODYCOMBAT 12.10-12.50
POUND 1.35-2.05			



NOLLAIG SHONA DHACIBH AR FAD



ÁIRITHINTÍ DO MHÍ NA NOLLAG AN GIOM OSCAILTE ANOIS

7 LÁ

RANGANNA ACLAIÓCHTA

LUAN-AOINE 10-10 SATHAIRN 10-6 & DOMHNAIGH 10.00-4.00

RANGANNA ACLAIÓCHTA BOOKINGS

Tá áirithintí le haghaidh Mí Na Nollag oscailte anois ag

www.sportlannbooking.com

- RANGANNA**
- *LES MILLS GRIT STRENGTH
 - *STEP & TONE
 - *LES MILLS BODYCOMBAT
 - *LES MILLS BODYPUMP
 - *POUND
 - *LES MILLS SPRINT
 - *SPIN
 - *KETTLEBELLS
 - *PILATES

TUILLEADH EOLAS 091 551961 0874265314

SPÓRTLANN NAOMH ANNA SPORTLANNBOOKING@GMAIL.COM

Beidh Daidí na Nollag ag teacht ar ais go dtí an Spórtlann i mbliana

Dé hAoine, 17ú Nollaig




DRIVE THRU SANTAÍ

€10 AN GASÚR

- Bronntanas uaidh Santaí - Deoch Te - Beatha ón Golden Grill - Doughnuts/Gingerbread - Ainmhithe - Soilse - Ceol & Damhsa

Is féidir ticéid a chur in áirithe ag www.sportlannbooking.com



Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi shéan is faoi mhaise daoibh go léir!



Cailíní Faoi 16 Naomh Anna

Déanadh iontas d'ard-leibheál scile cailíní faoi 16 Naomh Anna, nuair a chonacthas ag treanáil den chéad uair iad, tar éis sos fada Covid. Bhí siad thar cionn ag greamú caide, ag tabhairt pasanna láimhe agus cos go cruinn, ag déanamh ruathair aonair go stuama agus go scafánta, ag corraí agus ag scaipeadh ar fud na páirce mar is cóir agus go cliste. Ba léir go raibh ard-mholadh ag dul don dream a threanáil iad le blianta beaga, agus ar ndóigh do Joe Joe, agus a chuid oibre leis an Scéim Oiliúna. An t-aon locht beag a bhí orthu, na ciceáil i gcomhair pointí (rud sách tábhachtach is dócha).

Fuair Baile an Mhuilinn an ceann is fearr orthu sa gcéad chluiche, mar bharr ar an mí-ádh, inár ngarraí féin. Ní raibh an locht uilig ar na cailíní de bharr gur imreoidh cuid acu as áit, i suíomhanna nach raibh cleachtadh ceart acu orthu.

Bhí sé soiléir go raibh roinnt oibre le déanamh ar shocrú amach na foirne, straitéis cluichí agus ar phointí a aimsiú. Socraíodh fios a chur ar Chiarán Óg Ó Fátharta, chun na rudaí seo a chur ina gceart.

Ba ar Carna/An Caiseal a thug siad aghaidh ina dhiadh sin. Bhí an-bhua ag na cailíní ar an bPlantation, i gcluiche a bhí thar a bheith dúshlánach. Bhí teannas éigin ag baint leis an gcoimhlint, ach bhí blas an bhua agus pointí tábhachtacha faighte ag na cailíní cróga. Thug an tráthnóna misneach agus dóchas dóibh. Chuir sé ar ais san iomaíocht iad. Carna 6-02 Vs Naomh Anna 5-12

Ar ais ar an Máimín, tugadh aghaidh ar Naomh Muire (Cill Fhir Iarainn). Ba mhór an spóirt agus an radharc iad an oíche siúd. Bhí toradh le feiceáil ar obair Chiaráin Óig. Bhí an trasnán á ghlanadh go slachtmhar agus go minic. Naomh Anna 8-20 Vs Naomh Muire 6-07.

Bhí an bua acu i gcoinne An Creagán /Maigh Locha (as baile) 2-12 Vs Naomh Anna 6-10. Ba air an tráthnóna seo a sheas carachtair na gcailíní amach. Bhí An Creagán/ Maigh Locha ag barr na sraithe ag an am, dhá phointe dhéag acu. Ceithre bhua as ceathair. Tugadh faoi deara go raibh an fhoireann baile an-déanach ag teacht chun na páirce, an tráthnóna breá siúd agus an chuma orthu go raibh siad thar a bheith muiníneach.

Sular thosaigh an cluiche, luaigh a mbainisteoir an caillteanas a dhfulaing Naomh Anna ina aghaidh Baile an Mhuilinn agus gur bhuail siad féin gan stró iad. Luadh a laghad pointí a bhí ag cailíní Naomh Anna sa tsraith fiú (ní raibh an tábla a chonaic seisean suas chun dáta). Bhí a phíosa cainte, roimh chaitheamh isteach na liathróide, réitithe aige i ngan fhios dó féin, do Chiarán Óg!

Déanadh impí ar na cailíní gan oiread is coimhlint amháin a chailleadh, ná aon chath a ghéilleadh. Ba é an cluiche ba ghiorra de chogadh dearg é, a facthas i mbliana. Bhí chuile orlach den gharraí mór, millteach, glas thar a bheith saothraithe. Ghríosaigh Ciarán Óg, ón taobh líne iad go leanúnach. Bhain gach a thaisteal soir ann, ard-shásamh as an taispeántas agus as bua an chogaidh!

Scaitheamh ina dhiadh sin bhí an bua acu ar fhoireann chumasach eile, Naomh Pádraig, An Fhairche (as baile). Chinntigh an bua seo áit i gcluiche ceannais na scíthe.

Socraíodh an cluiche ceannais, i gcoinne Naomh Muire (Cill Fhir Iarainn), a imirt thoir ar an mBearna Dearg clúiteach. Bhí cailíní Naomh Anna neirbhíseach go mbainfeadh Naomh Muire díoltas amach ar an gcluiche a imríodh ar an Máimín. Chuireadar tús lag, neirbhíseach leis an gcluiche, ach ghlac ceannas air tar éis scaithimh. Bhain dhá ghortú do Naomh Anna ansin, ag tús an dara leath agus chaill siad a ngreim ar an gcluiche. Thóg sé iarracht dhamanta, a mbealach a throid ar ais sa gcluiche ach, bhí Naomh Anna chun cinn arís, ar shéideadh na feadóige. Bhí idir fhaoiseamh agus lúcháir orthu féin agus ar an lucht leanta. Déanadh an bronnadh agus rinne Caoimhe, an cúl báire agus an captaen críonna a hóráid go críochnúil. Thosaigh an ceiliúradh! Naomh Muire 8-01 Vs Naomh Anna 6-10.

Bhí aistear draíochtúil anoir an tráthnóna álainn, aoibhinn Aoine sin. Carranna ag boinneáil anoir thar thinte cnámh, na sluaite bailithe rompu ag na crosbhóithre agus ag ceann na mbóithríní. Bhí sé mar údar mór ríméid ag na cailíní. Seasann an turas timpeall an bhaile aerach, Cnoc Chathail Óig, amach agus i gcumhne. Déanadh lá den oíche thiar ann. An spéir gléasta go lonrach le lasracha agus splancanna ag spré. Caint ar cheiliúradh! Níor facthas a leithéid de shoilsiú sa spéir, ó thug an chéad Bhush faoi Bhagdad fadó. Ba é an trua nach raibh Sky News ar an láthair an uair seo!

Críochnaíodh suas amuigh ar thalamh *naofa* Pháirc an Mháimín, go déanach an oíche úd. Lean an ceiliúradh go fíorúil go raibh sé ina mhaidin. 'Snap' agus 'WhatsApp' gnóthach, ag roinnt pictiúir, scéalta, cuimhní agus gáire croiúil.

Ar inis mé dhaoibh faoin 'spin' a bhí againn timpeall baile an Cnoic ?.....

